# Bileog Ghníomhaíochta le haghaidh na Tíreolaíochta

Cuireadh na hacmhainní seo a leanas le chéile mar fhairsingiú ar fhíseán lá 4 de chuid Sheachtain Food Dudes ag an leibhéal idirmheánach. Tá nasc idir na hacmhainní seo a leanas agus curaclam na matamaitice do dhaltaí i rang a dó, a trí agus a ceathair.

**Bileog A:** Oiriúnach do dhaltaí i rang a dó

**Bileog B:** Oiriúnach do dhaltaí i rang a trí agus a ceathair

## Físteachtaireacht:

San fhíseán seo (leibhéal idirmheánach, lá 4), mínítear na céimeanna a bhaineann le planda trátaí a fhás.

Tá nasc idir na gníomhaíochtaí seo agus na **hachair churaclaim** seo a leanas:

Tíreolaíocht > Timpeallachtaí Nádúrtha > Aimsir

Tíreolaíocht > Timpeallachtaí Nádúrtha > Aimsir, aeráid agus atmaisféar

## Príomhthorthaí foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí i rang a dó na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ✔ Breathnú ar agus taifead a dhéanamh ar an aimsir agus ar athruithe a thagann uirthi ach an foclóir cuí agus trealamh simplí a úsáid
- ✔ Breathnú ar agus taifead a dhéanamh ar na tionchair a bhíonn ag an aimsir agus ag athruithe séasúracha ar dhaoine, ar ainmhithe agus ar phlandaí sa cheantar

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí i rang a trí agus a ceathair na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ✔ Comparáid a dhéanamh idir teochtaí laistigh agus lasmuigh, faoi scáth agus faoin ngrian, ar thaobhanna difriúla den fhoirgneamh céanna, agus iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis na difríochtaí
- ✔ An tábhacht atá le grianfhuinneamh don Domhan a thuiscint

## Treoirlínte don Mhúinteoir:

Is féidir na bileoga gníomhaíochta seo a leanas a phriontáil do dhaltaí nó is féidir na ceisteanna a fhreagairt i gcóipleabhair.

**Bileog A: Méadar Báistí a Dhéanamh**

- ✔ Is féidir le daltaí obair a dhéanamh i ngrúpaí i gcomhair na gníomhaíochta seo. Ba chóir do gach grúpa seanbhuidéal plaisteach a thabhairt isteach.
- ✔ Ábhair: Seanbhuidéal athchúrsáilte, peann, marcóir, rialóir, téip, púróga.

**Bileog B: Teas agus Teocht a Thomhas**

- ✔ Ábhar: Teirmiméadar

**Tabhair faoi deara:** Is fearr na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh i gcomhar le gníomhaíocht i dtaca le do chuid plandaí féin a fhás, amhail an ghníomhaíocht atá le feiceáil san fhíseán. Má tá gairdín scoile agat nó má tá planda(í) ag fás i do sheomra ranga agat, is féidir leat na gníomhaíochtaí céanna a dhéanamh ach súil a choinneáil ar fhás an phlanda(í).

# Gníomhaíocht Ghrúpa le haghaidh na Tíreolaíochta

## Bileog A



An féidir leat cabhrú le Tom tuiscint a fháil ar an aimsir agus ar an gcaoi a bhfuil sí in ann cabhrú le torthaí agus le glasraí fás?


**Ainm** ______________________________

### Táimid chun méadar báistí a dhéanamh!

Tomhaisfidh sé seo an méid báistí a thiteann sa chlós nó sa ghairdín. Tá an bháisteach tábhachtach mar go cabhraíonn sí le plandaí fás!

**Céim 1:** Faigh seanbhuidéal plaisteach agus gearr an barr den bhuidéal ach cúnamh a fháil ó do mhúinteoir.

**Céim 2:** Cuir clocha beaga nó púróga ag bun do mhéadair bháistí. Coinneoidh sé seo ingearach é agus ní leagfaidh an ghaoth é! Ansin, ach téip a úsáid, greamaigh barr an bhuidéal den chuid eile arís - ach an t-am seo, greamaigh bunoscionn é le go bhfuil an béal laistigh den bhuidéal.



**Céim 3:** Ach marcóir agus rialóir a úsáid, tarraing scála ar thaobh do bhuidéil. Tomhaistear báisteach i milliméadair (mm). Ba chóir go mbeidís marcáilte ar do rialóir. Cuimhnigh, is ionann 10 milliméadar (mm) agus ceintiméadar (cm) amháin. Is féidir leat tús a chur le do scála gar do bhun an bhuidéil agus téigh a ghaire don bharr agus is féidir.

**Céim 4:** Doirt uisce isteach sa bhuidéal go mbaineann sé an stiall íochtarach ar do scála amach. Comhghairdeas, rinne tú do mhéadar báistí!

**Céim 5:** Cuir do mhéadar báistí taobh amuigh in áit a bhfuil sé in ann uisce a bhailiú nuair a thosaíonn sé ag cur báistí.

Má thosaíonn sé ag cur báistí, seiceáil méadú an uisce ar an scála i ndiaidh an cheatha.

Scríobh an léamh ar do mhéadar báistí anseo:____________ mm

Is féidir leat báisteach a thomhas ar an mbealach seo gach lá ar feadh na gceithre seachtaine amach romhainn, agus scríobh na figiúirí a fhaigheann tú gach lá thíos:



# Gníomhaíocht Ghrúpa le haghaidh na Tíreolaíochta

## Bileog A



| Seachtain a hAon | |
|---|---|
| Lá den tSeachtain | Báisteach (mm) |
| Dé Luain | |
| Dé Máirt | |
| Dé Céadaoin | |
| Déardaoin | |
| Dé hAoine | |

| Seachtain a Dó | |
|---|---|
| Lá den tSeachtain | Báisteach (mm) |
| Dé Luain | |
| Dé Máirt | |
| Dé Céadaoin | |
| Déardaoin | |
| Dé hAoine | |

| Seachtain a Trí | |
|---|---|
| Lá den tSeachtain | Báisteach (mm) |
| Dé Luain | |
| Dé Máirt | |
| Dé Céadaoin | |
| Déardaoin | |
| Dé hAoine | |

| Seachtain a Ceathair | |
|---|---|
| Lá den tSeachtain | Báisteach (mm) |
| Dé Luain | |
| Dé Máirt | |
| Dé Céadaoin | |
| Déardaoin | |
| Dé hAoine | |

Cén lá a raibh an méid ba mhó báistí ann, agus luaigh an tseachtain freisin. ____________________

# Gníomhaíocht Ghrúpa le haghaidh na Tíreolaíochta

## Bileog A

Seachtain na Food Dudes

Is gníomhaíocht iontach í seo le haghaidh gach téarma ós rud é go mbíonn leibhéil bháistí na hÉireann difriúil san earrach, samhradh fómhar agus geimhreadh. Uaireanta, nuair a bhíonn sé fuar, titfidh báisteach mar shneachta nó mar chloichshneachta. Nuair a leánn an sneachta nó an cloichshneachta, déanfar uisce de agus tabharfaidh sé uisce do na plandaí freisin!

Agus na figiúirí báistí á scríobh agat, breathnaigh ar do phlanda trátaí - nó ar cheann ar bith de na barra nó na plandaí - i ngairdín do scoile.

Tomhais airde an phlanda, agus scríobh i ceintiméadair (cm) anseo é: ____________ cm

Coinnigh taifead d'fhás an phlanda gach seachtain ar feadh na gceithre seachtaine amach romhainn ach é a thomhas agus a airde a scríobh thíos:

| Seachtain | Airde (cm) |
|---|---|
| Deireadh Sheachtain 1 | |
| Deireadh Sheachtain 2 | |
| Deireadh Sheachtain 3 | |
| Deireadh Sheachtain 4 | |

Ar fhás do phlanda le ceithre seachtaine anuas? Cá mhéad a d'fhás sé? ________________ cm

Anois, déan comparáid idir an figiúr seo agus an chairt bháistí le ceithre seachtaine anuas. An gceapann tú go raibh tionchar ag an mbáisteach ar fhás do phlanda? An bhfuil patrún ann idir an méid báistí a thit agus fás an phlanda?

Tá báisteach ríthábhachtach mar go gcoinníonn sí an chré tais agus cabhraíonn sí le plandaí fás. Mura bhfaighimid dóthain báistí, nó má fhaighimid an iomarca báistí, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar ár bplandaí agus ár mbarra. Ciallaíonn sé seo uaireanta nach bhfásann siad chomh mór agus chomh hard agus ba mhaith linn.

Tá an ghrian an-tábhachtach freisin mar go gcabhraíonn sí le plandaí fás freisin, cosúil leis an mbáisteach. Nuair a bhíonn sé ag cur báistí, is minic nach mbíonn sé róghrianmhar ach oiread mar go bhféadfadh scamaill bháistí an ghrian a cheilt agus ní shroicheann go leor dá solas an domhan dá bharr. Má éiríonn ár bplandaí rófhuar, nó mura bhfaigheann siad dóthain gréine, ní fhásfaidh siad mar is ceart. Más féidir, ba chóir duit plandaí a choinneáil in áit the, ghrianmhar.

Conas a athróidh do phlandaí idir an téarma seo agus an chéad téarma eile, dar leat?

Lá a Ceathair | Ranganna Idirmheánacha (Rang a Dó, a Trí agus a Ceathair)

# Gníomhaíocht Ghrúpa le haghaidh na Tíreolaíochta

## Bileog B

Seachtain na Food Dudes

**An féidir leat cabhrú le Charlie tuiscint a fháil ar theas agus ar an ngrian, agus ar an gcaoi a bhfuil siad in ann cabhrú le torthaí agus le glasraí fás?**

**Ainm** ______________________________

Tá brón ar Charlie mar go ndearna sí iarracht planda trátaí a fhás, ach níor fhás sé agus tá imní uirthi go bhfuil rud éigin mícheart á dhéanamh aici. Tá do chúnamh uaithi teacht ar an áit is fearr ina bhfásfaidh an planda trátaí - an féidir leat cabhrú léi?


Cé na háiteanna sa scoil a bhfaigheann go leor gréine, dar leat?  Scríobh 3 áit. Ba chóir go mbeadh ceann amháin de na háiteanna seo, ar a laghad, taobh istigh:

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________

Cé na háiteanna atá sách dorcha nó foscúil, dar leat? Scríobh 3 áit. Ba chóir go mbeadh ceann amháin de na háiteanna seo, ar a laghad, taobh istigh:

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________

Tarraing léarscáil do scoile ón spéir. Marcáil na háiteanna grianmhara agus na háiteanna foscúla ar fad ar an léarscáil. Is féidir é seo a dhéanamh le dhá dhath dhifriúla más maith leat. Léarscáil mo Scoile:



# Gníomhaíocht Ghrúpa le haghaidh na Tíreolaíochta

## Bileog B



Ach teirmiméadar a úsáid, déan taifead ar an teocht sa 3 áit ghrianmhara agus sa 3 áit fhoscúla. Tomhaistear teocht i gCéimeanna Celsius°.Má tá an t-am agat, ba chóir duit é seo a dhéanamh ag amanna difriúla i rith an lae le go bhfeicfidh tú aon athrú idir an teocht go luath ar maidin agus an teocht um thráthnóna.

| **Áiteanna Grianmhara** | | |
|---|---|---|
| Ainm na hÁite | An tAm den Lá | Teocht (i gcéimeanna) |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| **Áiteanna Foscúla** | | |
|---|---|---|
| Ainm na hÁite | An tAm den Lá | Teocht (i gcéimeanna) |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

# Gníomhaíocht Ghrúpa le haghaidh na Tíreolaíochta

## Bileog B



Cá raibh an teocht ba theo? ______________________

An raibh an áit seo grianmhar nó foscúil? ______________________

An raibh sé taobh istigh nó taobh amuigh? ______________________

Cén uair a bhí an teocht ba theo ann? ______________________

Cén fáth gurbh amhlaidh a bhí, dar leat? ______________________

Tá a fhios againn go bhfuil sé tábhachtach do phlandaí a bheith te agus go leor solais a fháil le gur féidir leo fás. Seo mar a ghineann plandaí fuinneamh. Cabhraíonn sé seo leo a bheith níos mó agus níos láidre - cosúil linn féin nuair a ithimid torthaí agus glasraí!

Teastaíonn méideanna éagsúla gréine ó phlandaí difriúla ach ní fhásfaidh plandaí ar chor ar bith gan an ghrian.  Ní bheadh bia ag daoine nó ag ainmhithe ach oiread. Dá bharr sin, tá an ghrian ar cheann de na cúinsí is tábhachtaí a bhaineann le maireachtáil an duine.

Bunaithe ar do thurgnamh, cár chóir do Charlie an planda trátaí a chur le go bhfaighidh sé an méid is mó teasa agus solais?

______________________

______________________

______________________